Doirbh don chéidsheal cinneamhuin tairngeartaigh

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 83]

Gofraidh (mac Briain) Mac an Bhaird .cct.

1 Doirbh don chéidsheal cinneamhuin tairngeartaigh;
indearaidh d'airmbeartaibh a héigean d'fheadhmfhortail;
fiu a heire éara dá hilreachtaibh
dá minleantair fréamha a neimhe go a neamhdhocruibh.

2 Deacair snámh an anfaidh iodhlannaigh;
tarthair dá hiodhlannuibh dán gach doirbhiomaidh;
iomdha i ndiaidh na toice do theadhmannaibh
do chiaigh mhearbhallaigh nach croidthe dá coimhleangaibh.

3 Rian tairngeartaigh gémadh tál roimheanma
doidheaghla re a lán d'airmbeartaibh oiliomdha;
dá measdar fádha ratha gach rodhamhna
is comhardha tacha a ndála doigheamla.

4 Dál ríghe go roichthir 'n-a hinmhighe
timdhibhe díne i ndoighthibh a doirbhneimhe;
mór dar dhearbh doghruing a furnaidhe,
gidh Rudhraidhe Ó Domhnaill do dhearbh a doinmhighe;
ní theasda uaidh é dá hamhghoire
tarngoire a bhfuair sé dá soinmhighe.

5 A ghairm Iarla fan iothmhuigh n-Eamhna-sa
griangha Bearnasa ioma bhfiochthair folfhrasa
do ibh do ghuaisibh na garma-sa
an t-uai-sin Maghnasa digh ndomlasa.

6 Suil tháireas gus a-noise a-nallamhain
loise mhallshubhaigh a háineas 'n-a hiomairibh
iomdha d'fhairbrígh a holc n-indearaidh
do nocht an chinneamhain d'airdrígh fhionnOiligh.

7 Do throighibh do thomhais a haobhdhocra
soighin mhaordhachta fhorais na hiarlachta;
níor bh'fharáil 's a bhfuair dá fírdheacra
do sduaidh ríghbhearta [d']agháil a hiarmarta.

8 Do b'iad fádha a ratha 'n-a ríodhamhna
dála sníomholla catha chianfhoghla,
drud re roibhthibh, cúilte cróbhodhbhdha,
dúinte sróllamhla i bhfoithribh fiadhamhla,
tar a shúile gan oba ó éiniomdha
troda géiriomdha fúin-ne i bhFianadhbha.

9 Fa meinic i dtruaill earnaigh áitheamhdhlúith
ar sduaidh gach bhláitheangbhrúich go Teamhraigh dtréithfhionnmhaoith,
nó slios seada an chogthaigh ón Chruachanráith
ar leaba luacharbhláith i bhfolchaibh nó i bhféithiomghaoith.

10 A bheart iarna re rochtain ’n-a rioghruire
ag Iarla mhíonDuibhe ’n-a somplaibh sróillfhighe,
a mhéara ó ghái bh ar n-a ngrianshnoighe
táir d’fhiadhaidhe Ó Éanna na hóirrighe;
a bhfuair do thacha um Thulaigh nLughoine
do sdiuraidhe an ratha is cabhair ar chróilighe.

11 Áineas raith an tagaidh thalmhaidhe
ag flaith ballDaile as abaigh n-urlaidhe;
balg fis na tarbha do thairngire
an dainmhighe tharla ris ’n-a Rudhraidhe.

12 Tairreasdair athaidh d’imshníomh foraire
finnghríobh Toraighe gan fhachain n-airighe;
díol ’n-a fhorbhais iar n-uair dá urfhaire
fuair do shubhaighe dhomhnais a dhaighfhine.

13 Fa hiad aidhme a adhbhadh n-aolamhail
mainnre do chaolfhoghaibh dá n-adhnadh re nuaidhghealaigh;
flaith Lighean ag áineas fa fhíneamhain
tháireas do mhímheadhair a n-ibheadh d’fhuairshreabhaibh;
a bhfríoth le rígh Ó gConuill do chróilighibh
fóiridhin ar dodhuing don tír thuaidheamhain.

14 Biseach síne i n-aimsir earrchamhail
’n-a ríghe ag an ghealchladhaigh thaidhbhsigh thorcharaigh
’n-a tuinn oir gan fholta gan aincheanaibh
gan mhoir n-ainbhtheanaigh do thochta achd re torcharaibh.

15 Gan tuir achd crodh ortha um fhearannaibh,
fearannaigh ag ar gach dhromchla dhaghaghaidh,
fáth an díona do ghái bh goilearraigh
fa chloidheangaibh síodha an chláir Chonallaigh.

16 Tréigis a dúire dá deirc ríoghnaidhe
míondruine núidhe i mbeirt na bánghoile;
mogail na gcnó ar inneal n-óirbhleidhe;
inneamh póirghine gach cnó dá clárshnoighe;
gréas meachda ar fholt gach fhiardhoire;
dearca ar n-Iarlai-ne lucht a lámhdhaighe.

17 A snigh do bhraonaibh le feadhaibh fannáille
’n-a gcraobhaidh amáille i sreabhaibh seanGhuaire;

céir ag tál le slatchoill slimfheoighe
ag tacmhoing gach mildeoire mar badh grán gealnuaidhe.

18 Coill eatha ós gach bhfionnmhuigh bhfóidfhéardha;
’n-a bhfiodhbhaidh róiddéanmha mar badh sreatha síodórdha
do thamhnuibh a dhuilghe idir ghábh géigiarna
fa chéidIarla chláir Luighne líogómra.

19 Breitheamh as aibche le a n-uirríoghaibh,
feitheamh ar uillíoghuin d’aicme fhionnDálaigh,
fear neamhshocra an raith do rinnfhéaghain,
flaith indéanaimh fhearachta an Iollánaigh.

20 Críochbhun coinne clann bhfionnLogha,
bann iomramha ón moille síothladh seanmhara,
dreach gheal dar bh’aoincheol na hurbhadha,
gaoithreodh turnamha fhear an eangnamha.

21 Óradh na gcladhocht um Dheirg ndalldamhaigh
dar cheird an-allamhain falocht i bhfinnfheadhaibh,
dreach shoirbh as éideadh i n-iomomhain,
beach rionnamhail fa doirbh don chéidsheal cinneamhain. Doirbh.